



**AN BORD PLEANÁLA**  
**Na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2014**  
**FÓGRA FAOI IARRATAS DÍREACH PLEANÁLA CHUIG AN MBORD PLEANÁLA AR CHEADÚ**  
**I LEITH FORBAIRT BHONNEAGAIR STRAITÉISIGH**  
**(FORBAIRT TARCHUIR LEICTREACHAIS A BHEARTAÍTEAR)**  
**Contae Mhuineacháin, Contae an Chabháin agus Contae na Mí**

De réir Ail 182A den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), tugann **EirGrid** cpt, le cead agus ceadú Bhord Soláthair an Leictreachais (BSL), fógra go bhfuil sé beartaithe aige ceadú a lorg ón mBord Pleanála le haghaidh forbairt na coda sin d'idimiascaire trasteorann tarchuir leictreachais a thógfaid in Éirinn (agus dá ngairtear 'an Forbairt Idimiascacha Thuaidh-Theas 400 kV a bheartaítear').

Leis an idimiascaire lomlán (thart ar 138 km ar fad, lena mbeidh thart ar 34 km de lonnaithe i dTuaisceart Éireann), nascfar gréasán tarchuir leictreachais reatha Thuaisceart Éireann agus na hÉireann idir Turfeenan, Contae Thír Eoghain agus Fearann na Coille, láimh le Baile an Bhóthair, Contae na Mí. Sainaithníodh an t-idimiascaire seo mar Thionscadal Comhleasa de bhun fhorálacha Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2013 maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagair tras-Eorpaigh fuinnimh.

An Forbairt Idimiascacha Thuaidh-Theas 400 kV a bheartaítear, atá suite i gContae Mhuineacháin, an Chabháin agus na Mí, a bheidh ina hábhar don iarratas ar cheadú, tá sí thart ar 103.35 km ar fad agus cuimsítear léi na príomhghnéithe seo a leanas:

(i) Líne tarchuir lasnairde 400 kV nua ciorcaid shingil (a chluáidídh thart ar 100.5 km ar fad i gContae Mhuineacháin, i gContae an Chabháin agus i gContae na Mí) a shínídh ó dheas den chuid is mó ag an teorainn dlínse le Tuaisceart Éireann (idir baile fearainn Doohat nó Crossreagh, Contae Ard Mhacha, agus baile fearainn na Léime Giorra, Contae Mhuineacháin) go baile fearainn Bogganstown (Toghroinn Chúil Mhaoilín), Contae na Mí. Ina theannta sin, trasnaíonn an líne tarchuir a bheartaítear an teorainn dlínse le Tuaisceart Éireann in dhá áit – ó bhaile fearainn na Léime Giorra, Contae Mhuineacháin, isteach i mbaile fearainn na Croise Báine, Contae Ard Mhacha, agus ar ais go baile fearainn na Léime Giorra, Contae Mhuineacháin. Cuimsíodh an líne tarchuir sin 299 struchtúr tacaíochta cruach laistigh nua (atá idir thart ar 26 m agus 51 m os cionn leibhéil na talún), mar aon leis na seoltóirí, na hinsliitheoirí agus gairís eile lena mbaianeann.

Leathnóidh an líne nua tarchuir a bheartaítear ar fud na mbaile fearainn seo a leanas i gContae Mhuineacháin, i gContae an Chabháin agus i gContae na Mí:

Contae Mhuineacháin: An Léim Ghearr, Lios Dúin Ghormaille, Achadh na gCloch, Leacht na Caillí, an tEasán, an Caiseal, an tEanach (Barúntacht Chroíoch Mhúim), Carraig an Iúir, Clár Doire, Corr na Muclach Thuaidh, Doire Shalach (Barúntacht Mhuineacháin), Droim Rúisc, an Charraigearch Ramhar, Corr na nIúr (Barúntacht Mhuineacháin), Gamhscair, Tír Uí Ghréacháin, Corr na Muclach Theas, Críonchoill, an Clochar, Droim gColbha Íochtarach, Droim Thamhain, an Ghréach (Barúntacht Chroíoch Mhúim), an Bhreacailigh (Barúntacht Chroíoch Mhúim), Tulaigh na hInneora, Cúil Troim Éigis, Barrachadh, Achadh Mhic Céir, Droim Iolair (Barúntacht Chroíoch Mhúim), Tuath, Tulaigh Ghlais, Corr na Sasanach, Corr an Fheannta, an tIomaire Faoiligh, na Srianata, Ardaráth, Corr an Bhealaigh (Barúntacht Fhearnaí), Ráth Fiachrach, Corr na Láithreach, an Dumha, an Chorr Liath (Toghroinn Dhroim Chora), Scallchoill agus Bealach na gCeithearn.

Contae an Chabháin: Lios Uí Ghabhann, Drumiller, an Chorr Liath (Barúntacht Chlann Chaoich), Corr na mBeach, an Chorr Ghlas (Toghroinn Lios Uí Ghabhann), Collops, Dingin, Corrycholman, Leitir (Toghroinn Lios Uí Ghabhann), an Chorr Dhúch (Toghroinn Inis Caoin), Laragh, Corr an Aoire (Toghroinn Inis Caoin), Carrowreagh, Clonturcan agus Balloughly.

Contae na Mí: Bóthar Liath, Moorlagh, Tullyweel, Lislea, Achadh Mór, Shancor, Towas, an tEadan, Bulonach (Toghroinn Chill Mhaighneann), Ailt Maise (Toghroinn Bhaile Chrúis), Baile Chrúis (Toghroinn Bhaile Chrúis), Brittas, Ráth Úd, Raffin, Clooney, Baile an Drácaigh, Mountainstown, Dústún (Toghroinn Bhaile an Chaisleáin), Fletcherstown, Cluain an Ghail, Baile Órthaí, Diméin Bhaile Ghib, Tailtín, Caisleán Mháirtín, Tankardstown (Toghroinn Ard Breacáin), Grange (Toghroinn Ard Breacáin), Durhamstown, Neillstown (Toghroinn Ard Breacáin), Baile an Bhiataigh (Toghroinn Ard Breacáin), Óngenstown (Toghroinn Ard Breacáin), Baile na nGael (Toghroinn Ard Breacáin), Halltown, Baile an Teampaill, Philipstown (Toghroinn Bheighthí), Rataine, Dunlough, Balbrigh, Dunganny, Ráth an Eallaigh, Trubley, Knockstown (Toghroinn Chill Chúille), Knockstown (Toghroinn Chill Mheasáin), Creroge, Crumpstown nó Marshallstown (Toghroinn Ghalltroma), Branganstown, Boycetown, Galltroim, Baile Mháirtín (Toghroinn Ghalltroma), Derrypatrick, Cúil Mhaoilín, Baile na Coille (Toghroinn Chúil Mhaoilín), Curraghtown (Toghroinn Chúil Mhaoilín), agus Bogganstown (Toghroinn Chúil Mhaoilín).

Áirítear leis an bhforbairt a bheartaítear forbairt i gceantar Gaeltachta, lonnaithe sna bailte fearainn seo a leanas: Cluain an Ghail, Baile Órthaí, Diméin Bhaile Ghib agus Tailtín (atá go léir i gContae na Mí).

(ii) Is gá mionathruithe a dhéanamh ar thrí líne lasnairde 110 kV reatha. I measc na mionathruithe, cuirfead srathanna cuailí breise isteach agus / nó cuirfead srathanna cuailí níos ísle (idir 11.5 m agus 19 m ar airde os cionn leibhéil na talún) in ionad struchtúir reatha sna láithreacha seo a leanas:

- Cóngaracht an áit a dtrasnaíonn an líne tarchuir lasnairde 400 kV a bheartaítear líne tarchuir 110 kV Lúsdrum-Lú i nDroim Rúisc, Contae Mhuineacháin.
- Cóngaracht an áit a dtrasnaíonn an líne tarchuir lasnairde 400 kV a bheartaítear líne tarchuir 110 kV Lú-Rathrussan i gCorr an Fheannta agus sa Chorr Bhán, Contae Mhuineacháin.
- Cóngaracht an áit a dtrasnaíonn an líne tarchuir lasnairde 400 kV a bheartaítear líne tarchuir 110 kV Ármhach na hUaimhe i nDiméin Bhaile Ghib agus Tailtín, Contae na Mí.

(iii) Ciorcaid 400 kV nua a shínídh thart ar 2.85km feadh an taobh thuaidh nach bhfuil á úsáid faoi láthair den líne tarchuir 400 kV atá ann cheana idir an tSeansráid agus Fearann na Coille, a shínídh soir ó bhaile fearainn Bogganstown (Toghroinn Chúil Mhaoilín) a fhad le Fostáisiún Fhearann na Coille 400 kV de chuid BSL atá ann cheana i mbaile fearainn Fhearann na Coille, Contae na Mí, agus a thrasnóidh na bailte fearainn seo a leanas i gContae na Mí: Bogganstown (Toghroinn Chúil Mhaoilín), Curraghtown (Toghroinn Chúil Mhaoilín), Gaulstown (Toghroinn Chúil Mhaoilín), Hayestown, Creemore agus Fearann na Coille. Na struchtúir tacaíochta cruach laistigh chiorcaid dhúbaillte atá feadh na líne sin atá ann cheana, tá siad éagsúil ó thaobh airde de, idir thart ar 52 m go 61 m os cionn leibhéil na talún.

(iv) Oibreanna gaolmhara ar shuíomh atá thart ar 0.544 ha ar achar laistigh d'Fhóstáisiún Fhearann na Coille 400 kV de chuid BSL atá ann cheana agus fíorchóngrach dó i mbaile fearainn Fhearann na Coille, Contae na Mí, lena n-áirítear: síneadh an bhábhúin atá ann cheana siar (thart ar 0.231 ha), lena n-áirítear mionathruithe gaolmhara ar an gclár pailise 2.6 m ar airde atá ann cheana; trealamh leictreach agus gaireas leictreach a chur leis, lena n-áirítear scoraáin ciorcaid, claochladáin srutha, claochladáin phoitéinsil ionduchtacha, dínascairí, lasca dínascaitha pantagraif, coscairí bortha, insliitheoirí tacaíochta agus barraí insliitheora tacaíochta (a bheidh idir thart ar 7.4 m agus 13.7 m ar airde); struchtúir dhroichid (thart ar 28 m); aeróg aonpholach thintrí (thart ar 28 m) agus na hoibreanna gaolmhara agus coimhdeacha tógála agus forbartha suímh uille.

(v) Clós stórála sealadach gaolmhar le haghaidh ábhar tógála a bheidh suite i mbaile fearainn Mhuinille Dubh agus Mhuinille Bán, Carraig Mhachaire Rois, Contae Mhuineacháin, ar láithreán atá thart ar 1.4 ha ar achar, lena n-áirítear oibreanna gaolmhara suímh, bealach isteach nua chuig an láithreán ar Bhóthar Áitiúil an L4700, fáilú gaolmhar pailise teorann a bheidh 2.6 m ar airde (agus bacainn torainn air) agus áiseanna gaolmhara coimhdeacha agus spásanna gaolmhara coimhdeacha páirceála don fhoireann.

(vi) An forbairt ghaolmhar agus choimhdeach ar fad lena n-áirítear oibreanna a chuimsíonn nó a bhaineann le tógáil agus tochairt bhuan agus sealadach.

Cuirfeadh Ráiteas Tionchar Timpeallachta (EIS) agus Ráiteas Tionchar Natura (NIS) araon i dtoll a chéile i leith na forbartha a bheartaítear. Chomh maith leis sin, d'uillmhaigh **EirGrid** cpt agus SONI Ltd Comhthuarascáil Chomhshaoil (JER) i leith an idimiascaire fhoriomláin ó Chontae Thír Eoghain go Contae na Mí, agus tugadh aird chuif ann ar Guidance on the Application of the Environmental Impact Assessment Procedure for Large-scale Transboundary Projects (Treoir maidir le Feidhmiú an Nóis imeachta um Measúnacht Tionchar Timpeallachta do Thionscadail Mhórscaála Trasteorann) ón gCoimisiún Eorpach (Bealtaine 2013).

Is dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an bhforbairt a bheartaítear ar an gcomhshaoil i dTuaisceart Éireann, ceantar i mBallstát den Aontas Eorpach (i.e. Ríocht Aontaithe na Breataine agus Thuaisceart Éireann).

Féadfar iniúchadh a dhéanamh ar chóip den iarratas ar cheadú (agus ar an EIS agus ar an NIS) saor in aisce, nó féadfar iad a cheannach i ndiaidh tálle shonraithe a íoc (nach mó é ná an costas réasúnta a bhaineann le cóip a dhéanamh) le linn na n-uaireanta oscailte don phobal ó Luan go hAoine (lasmuigh de laethanta saoire poiblí) ar feadh tréimhse deich seachtaine, ag tosú Dé Máirt 16 Meitheamh 2015 sna háiteanna seo a leanas:

- Oifigí an Bhoird Phleanála, 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1,
- Oifigí Chomhairle Chontae an Chabháin, Sráid Fhearnáin, an Cabhán, Contae an Chabháin,
- Oifigí Chomhairle Chontae na Mí, Halla an Chontae, an Uaimh, Contae na Mí, agus
- Oifigí Chomhairle Chontae Mhuineacháin, Oifigí an Chontae, an Gleann, Bóthar an Ghleanna, Muineacháin, Contae Mhuineacháin.

Ina theannta sin, féadfar iniúchadh a dhéanamh ar chóip den iarratas ar cheadú agus ar an EIS agus ar an NIS sna háiteanna seo a leanas ar feadh 10 seachtaine ag tosú Dé Máirt 16 Meitheamh 2015:

- Ionad Faisnéise an Idimiascacha Thuaidh-Theas, Teach Oibre Charraig Mhachaire Rois, Bóthar Shearcóige, Carraig Mhachaire Rois, Contae Mhuineacháin,
- Ionad Faisnéise an Idimiascacha Thuaidh-Theas, 10a Teach Uí Chinnéide, Bóthar Uí Chinnéide, An Uaimh, Contae na Mí, agus
- Ionad Fiontraíochta agus Teicneolaíochta Mhuinchille, Bóthar an Stáisiúin, Muinchille, Contae an Chabháin.

Le socrú a dhéanamh féachaint ar na cáipéisí iarratais (agus an EIS agus an NIS) ag ceachtar den trí áit thuasluaite, glaoigh ar: f0sglao1890252690 (9am go 5pm ó Luan go hAoine) nó seol ríomhphost chuig: northsouth@eirgrid.com.

Féadfar na cáipéisí iarratais (lena n-áirítear an EIS agus an NIS) a fheiceáil nó a íoslódáil ar an suíomh gréasáin seo a leanas: [www.eirgridnorthsouthinterconnector.ie](http://www.eirgridnorthsouthinterconnector.ie).

Féadfar aighneachtaí nó tuairimí a chur chuig an mBord Pleanála ('an Bord'), 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, le linn na tréimhse dá dtagraítear thuas, ina leith seo a leanas:

(i) Impleachtaí na forbartha a bheartaítear, má dhéantar i, maidir le pleanáil chearta agus forbairt inbhuanaithe sa limistéar nó sna limistéir lena mbaianeann; agus

(ii) Tionchar dóchúil na forbartha a bheartaítear, má dhéantar i, ar an gcomhshaoil nó drochthionchar na forbartha a bheartaítear ar iomláine láithreach Eorpaigh, de réir mar is cuif.

Ní mór tálle €50 a chur le haon aighneachtaí agus aon tuairimí (ach amháin i gcás údarás fhorordaithe áirithe) agus ní mór go mbeidís ag an mBord tráth nach déanaí ná 5.30pm Dé Luain 24 Lúnasa 2015 agus ní mór an fhaisnéis seo a leanas a bheith san áireamh iontu:

(i) Ainm an duine atá ag cur na haighneachta nó na tuairime isteach, ainm an duine atá ag gníomhú ar a shon nó ar a son, más ann dó, agus an seoladh ag a bhfuil aon chomhfhreagras i dtaca leis an iarratas le cur,

(ii) Ábhar na haighneachta nó na tuairime, agus

(iii) Na cúiseanna, na cúinsí agus na hargóintí is ábhar don aighneacht nó don tuairim, ina n-iomláine (dá dtagraítear in Airteagal 217 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt).

Ní féidir leis an mBord breithniú a dhéanamh ar aon aighneachtaí ná tuairimí nach gcomhlíonann na ceanglais thuas. Ba chearta aon fhiosrúcháin i leith phróiseas an iarratais a phlé leis an Rannóg um Forbairt Bonneagair Straitéisigh de chuid an Bhoird Phleanála (Uimhir Ghutháin: 01-8588100). Beidh sé faoi lánrogha an Bhoird a chinneadh cé acu a réachtálfar nó nach réachtálfar éisteacht ó bhéal ar an gcás (le haghaidh tuilleadh sonraí, feic 'A Guide to Public Participation in Strategic Infrastructure Development' ('Treoir maidir le Rannpháirtíocht an Phobail i bhForbairt Bonneagair Straitéisigh') ar shuíomh gréasáin an Bhoird ([www.pleanala.ie](http://www.pleanala.ie))).

Féadfaidh an Bord na cineálacha cinnidh seo a leanas a dhéanamh, faoi ail 182B den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), i leith an iarratais:

(a) An forbairt a bheartaítear a cheadú,

(b) Na mionathruithe a shonraíonn sé sa cheadú a dhéanamh ar an bhforbairt a bheartaítear agus an forbairt a bheartaítear ama mionathrú amhlaidh a cheadú,

(c) An forbairt a bheartaítear (agus i mionathraithe go sonrach nó gan mionathruithe sonracha de réir an chineáil roimhe seo) a pháirtcheadú, nó

(d) Diúltú an forbairt a bheartaítear a cheadú agus féadfaidh sé na coinníollacha sin a mheasann sé a bheith iomchuí a cheangal le ceadú faoi (a), (b) nó (c) thuas.

D'fhéadfaidh duine bailloch an chineáil sin ama dhéanamh ag an mBord a cheistú trí bhith in iarratais ar athbhreithniú breithiúnach, faoi Ordú 84 de Rialacha na nUaschúirteanna 1986 (I.R. Uimh. 15 de 1986 arna leasú le I.R. Uimh. 691 de 2011), de réir fhorálacha an Achte um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú). Is féidir faisnéis phraificiúil maidir leis an meicníocht athbhreithnithe a rochtain faoin gceannteideal 'Fógra faoi Athbhreithniú Breithiúnach' ar shuíomh Gréasáin an Bhoird [www.pleanala.ie](http://www.pleanala.ie), nó ar shuíomh Gréasáin na Seirbhíse um Fhaisnéis do Shaoránaigh [www.citizensinformation.ie](http://www.citizensinformation.ie)